Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2023
(OR. en)

15253/23

LIMITE

TTC 23
USA 66
TELECOM 327
COMPET 1091
DUAL USE 18
MI 955
POLCOM 264
CYBER 282
HYBRID 79
DISINFO 91
COTRA 33

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas Comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. Tháinig an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, arna bunú ag na ceannairí ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 15 Meitheamh 2021, le chéile den chéad uair in Pittsburgh an 29 Meán Fómhair 2021. In Paris-Saclay a tionóladh an dara cruinniú den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 16 Bealtaine 2022, in Washington, D.C. a tionóladh an tríú cruinniú an 5 Nollaig 2022, agus in Luleå na Sualainne a tionóladh an ceathrú cruinniú, an 30-31 Bealtaine.

2. An 9 Samhain 2023, chuir an Coimisiún in iúl do Choiste na mBuanionadaithe go raibh sé ar intinn aige dul i mbun caibidlíochta maidir le hionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm Ráiteas Comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe[1]. D'fhéadfaí an Ráiteas Comhpháirteach sin a fhormheas ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta atá beartaithe go sealadach a bheith ar siúl i mí na Nollag (an dáta beacht le socrú go fóill) i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

3. Tá sé i gceist leas a bhaint as an Ráiteas Comhpháirteach seo, i measc rudaí eile, chun tiomantas polaitiúil an Aontais agus na Stát Aontaithe don Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta

[1] 15232/23

a athdhearbhú agus chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le cúrsaí trádála agus cúrsaí teicneolaíochta, agus ag an am céanna, chun cur leis an toradh a bhí ar na cruinnithe a bhí ag an gComhairle roimhe seo.

4. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach Coiste na mBuanionadaithe, chomh maith leis na coistí agus na meithleacha ábhartha, ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíocht maidir le Ráiteas Comhpháirteach.

5. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún ar ais chuig an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a fháil ón gComhairle, thar ceann an Aontais, chun ionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm Ráitis Chomhpháirtigh, ar cheart í a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht, a fhormheas i gcomhréir le dlí an Aontais.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé go rachaidh an Coimisiún Eorpach i mbun caibidlíochta maidir le ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá; agus

– a iarraidh ar an gComhairle seoladh na caibidlíochta maidir le ráiteas comhpháirteach le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC